

An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC**

**Coláiste Chollchoille,
Drom Chollchoille, Co. Luimnigh
Uimhir rolla: 71850B**

Dátaí na cigireachta: 23-24 Márta 2010



**AN ROINN | DEPARTMENT
OIDEACHAIS | OF EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS**

TUAIRISC AR CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAELGE

AN TUAIRISC CHIGIREACHTA SEO

Scríobhadh an tuairisc seo tar éis chigireacht ábhair i gColáiste Chollchoille. Leagann sé amach tátail mheasúnachta maidir le cáilíocht na foghlama agus an teagasc sa Ghaeilge agus déanann moltaí d'fhorbairt theagasc an ábhair sa scoil. Rinneadh an mheastóireacht seo, inar thug an cigire cuairt ar ranganna Gaeilge agus inar breathnaíodh an fhoghlaim agus an teagasc, thar dhá lá. Bhí caidreamh ag an gcigire leis na scoláirí agus leis na múinteoirí, scrúdaíodh obair na scoláirí agus rinneadh plé leis na múinteoirí. D'athbhreithnigh an cigire doiciméid phleanála na scoile agus ullmhúcháin scríofa na múinteoirí. Tar éis na cuairte meastóireachta, thug an cigire aiseolas ó bhéal ar thorthaí na measúnachta don phríomhoide agus do na múinteoirí Gaeilge. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

Seisear múinteoirí atá ag múineadh na Gaeilge sa scoil seo agus meascán de thaithí acu. Is deas éagsúlacht taithí mar é a bheith ann toisc go gcinntíonn sé go mbíonn smaointe úra á bhfi isteach le cleachtais sheanbhunaithe.

Tugann tráthchlár na scoile tacaíocht shásúil d'fhoghlaim na Gaeilge. Bíonn sé rang sa tseachtain ag scoláirí na cúigiú agus na séú bliana agus is soláthar inmholta é seo. Tráthchlárú comhuaineach a bhíonn i gceist den chuid is mó, rud a chinntíonn gur féidir le scoláirí staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ag an leibhéal is airde a oireann dá gcumas.

Ranganna ilchumais atá sa chéad bhliain agus san idirbhliain. Sruthú, le hiarracht den bhandáil, atá i gceist sna bliainghrúpaí eile. Déantar moladh láidir go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcaoi a scaftar scoláirí i ranganna. Meabhraítear don bhainistíocht agus do mhúinteoirí gur téarmaí iad 'ardleibhéal', 'gnáthleibhéal' agus 'bonnleibhéal' a bhaineann, den chuid is mó, le córas na scrúduithe teistiméireachta agus gurb é an siollabas céanna, a bheag nó a mhór, a leanann scoláirí, scoláirí na sraithé sáisearaí ach go háirithe. Dá bhrí seo, b'fhiú machnamh a dhéanamh ar an bhfiúntas a bhainfeadh le ranganna ilchumais a bheith sa dara bliain, nó fiú chomh fada le haimsir na Nollag sa tríú bliain, tráth a d'fhéadfaí na scoláirí a roinnt i ranganna ar leith ar mhaithe len' iad a ullmhú do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh. Moltar, agus an cheist á plé, go ndéanfaí tagairt do thaighde na hInstitiúide um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta (www.esri.ie) ina léirítear an tionchar a bhíonn ag an gcaoi a scaftar scoláirí ar ghnóthachtáil agus ar an taithí oideachasúil trí chéile.

Tá díolúine ó staidéar na Gaeilge ag ochtar scoláire is daichead. Is ionann an líon seo agus naoi faoin gcéad den díorma iomlán scoláirí. Tá deacrachtaí foghlama ag duine is tríocha de na scoláirí seo agus is eachtrannaigh, nó scoláirí a fuair an chuid luath dá n-oideachas thar lear, an fuílleach. Tuairiscíodh go spreagtar lucht na ndíolúintí chun páirt a ghlacadh in imeachtaí na ranganna Gaeilge agus tá scoláirí áirithe atá i dteideal díolúine ach a thugann

faoi staidéar na Gaeilge. Tá moladh ar leith tuillte ag na scoláirí seo agus ag na múinteoirí a thugann cabhair agus tacaíocht dóibh.

Tá a seomraí féin ag formhór na múinteoirí, rud a éascaíonn stóráil áiseanna agus acmhainní. Tríd is tríd, tá iarracht mhaith déanta ar thimpeallacht spreagúil foghlama a chruthú. Tugadh suntas ar leith do shamplaí d'obair na scoláirí a bhí curtha ar crochadh i seomraí áirithe. Moltar an cleachtas seo toisc gur mór an t-údar misnigh do scoláirí é nuair a thugtar aitheantas poiblí dá gcuid oibre.

Aithníonn bainistíocht na scoile an tábhacht a bhaineann le húsáid Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) a chomhtháthú le himeachtaí foghlama agus teagaisc, oiread agus is cuí. Ba léir scileanna maithe TFC a bheith ag cuid de na múinteoirí Gaeilge agus b'fhiú dóibh dul i gcomhairle leis na scoláirí maidir le slite ar a bhféadfaí níos mó deiseanna ar úsáid TFC a chruthú do mhúinteoirí na Gaeilge agus dá scoláirí le linn ceachtanna. Ina theannta seo, ba mhaith an smaoinemh é leas a bhaint as tograí buíon-teagaisc chun blaiseadh a thabhairt do mhúinteoirí eile ar na féidearthachtaí atá ann chun leas a bhaint as trealamh ar nós teilgeoirí sonraí, seinnteoirí mp3 nó físcheamaraí chomh maith le podchraoltaí agus ábhar íoslódáilte eile.

Tugadh le fios go dtapaítear deiseanna chun úsáid na Gaeilge a chomhnascadh le hábhair agus le himeachtaí eile. Seo slí éifeachtach chun úsáid na Gaeilge lasmuigh den seomra ranga a chur chun cinn. Moltar an méid a dhéantar le linn Seachtain na Gaeilge chomh maith le himeachtaí ar nós dráma Gaeilge na hidirbhliana agus an ról a ghlac scoláirí na Gaeilge in *Feachtas na Scoileanna Glasa*. Tugtar scoláirí ar thurais chun na Gaeltachta agus bíonn sé de nós ag roinnt scoláirí tréimhse a chaitheamh i gColáiste Gaeilge i rith an tsamhraidh. Mar thaca leis seo, maoiníonn Coiste Gairmoideachais Chontae Luimnigh scoláireachtaí Gaeltachta. Ba dheas an rud é dá mbeadh Clár Fógraí in áit lárnach chun torthaí na hoibre seo ar fad a thaispeáint do phobal na scoile agus do chuirteoirí. Moltar leis go spreagfaí scoláirí chun páirt a ghlacadh i gcuid de na comórtais a reáchtáilann na heagraíochtaí Gaeilge éagsúla. Is iomaí comórtas ceapadóireachta, díospóireachta agus scannánaíochta a d'fheidhmeadh mar mhodh fiúntach chun cumas Gaeilge na scoláirí a fhorbairt.

Tugadh suntas don scáileán sa Halla Tionóil a chraobhscaoileann mórimeachtaí na scoile agus don chorrhocal Gaeilge a bhí le léamh air. Ina theannta seo, bhí roinnt bheag Gaeilge le léamh ar stáiseanóireacht na scoile, rud a thug le fios gur mór ag an scoil a h-oidhreacht Ghaelach.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

Is cuid lárnach d'obair na múinteoirí Gaeilge í an phleanáil um fhorbairt ábhair. Breathnaíodh plean na Gaeilge agus tugadh suntas don chaoi a bhfuil tógtha air le himeacht ama. Is plean cuimsitheach é a thugann léargas maith ar a bhfuil ar siúl sa scoil ar mhaithe le scoláirí a chumasú sa Ghaeilge, bíodh na himeachtaí seo ar siúl taobh istigh nó taobh amuigh den rang. Is áis tagartha fíor-chabhrach í go háirithe don mhúinteoir ionaid a bhí ann le linn na cigireachta.

Thug miontuairiscí na gcruinnithe roinne le fios go dtagann múinteoirí le chéile go minic chun nithe ar nós scagadh scoláirí, roghnú téacsleabhar, dearadh scéimeanna oibre agus imeachtaí comh-churaclaim a phlé. Ba mhór an mhaise ar dhea-obair na múinteoirí é dá bpléifidís cleachtas ranga ag na cruinnithe seo. Tá meascán de thaithí agus de bhuanna éagsúla acu agus ba mhaith an smaoinemh é dá bpléifidís straitéisí foghlama éifeachtacha chomh maith le deacrachtaí a bhíonn le sárú.

Tá scéimeanna oibre leagtha amach do gach bliainghrúpa. Ar an iomlán ba léir go mbíonn clár cuimsitheach teanga le leanúint ag scoláirí. Ina theannta seo sonraíonn na scéimeanna na naisc tras-churaclaim a bhíonn i gceist agus is an-chleachtas é seo. Ba léir go gcaitheann múinteoirí na hidirbhliana a lán ama ag iarraidh taithí ar fhoghlaim na Gaeilge atá éagsúil a chinntiú dá gcuid scoláirí. É seo ráite, meastar go bhfuil gá le clár teanga ar leith a leagadh amach - scéim bhliantúil ina fhéachtar le cumas cumarsáide na scoláirí a fhorbairt agus a gcuid Gaeilge a shaibhriú.

Bhí diannullmhúchán déanta ag na múinteoirí ar fad faoi réir na gceachtanna a breathnaíodh. Bhí machnamh déanta acu ar chéimeanna na gceachtanna agus ar na gníomhaíochtaí foghlama ab oiriúnaí chun rannpháirtíocht na scoláirí a spreagadh. Ba léir am a bheith caite acu le haimsiú agus le dearadh áiseanna. Ar an iomlán, léirigh siad tuiscint mhaith ar riachtanais na scoláirí faoina gcúram agus rinne siad ábhar na gceachtanna a phleanáil dá réir. Tá ardmholadh tuillte acu go léir as an díograis agus as an ngairmiúlacht a thugann siad leo chun na hoibre.

FOGHLAIM AGUS TEAGASC

Bhí an Ghaeilge i dtreis sna ranganna ar fad a breathnaíodh. Is i nGaeilge a labhair múinteoirí le scoláirí agus tugadh suntas don iarracht a rinne mórán múinteoirí ar úsáid an Bhéarla a sheachaint nuair a bhí brí a gcuid cainte á chur in iúl acu. Rinne scoláirí iarracht mhaith ar fhreagraí i nGaeilge a sholáthar ar cheisteanna an mhúinteora. Bhí múinteoirí áirithe nár ghlac ach le habairtí iomlána – in áit focal aonair – mar fhreagraí agus ba mhaith an rud é dá mbeadh a leithéid mar ghnáthchleachtas sna ranganna ar fad. Ba mhór an chabhair do scoláirí é, agus iad i mbun cainte, nuair a bhí cairteanna ar crochadh a raibh an foclóir cuí léirithe orthu. Moltar, ní hamháin go mbeadh áiseanna tagartha mar seo ar taispeáint i ngach seomra ranga ina múintear an Ghaeilge ach, go mbainfeadh múinteoirí agus scoláirí leas rialta astu.

Léirigh roinnt múinteoirí an-bhua maidir le forbairt scileanna cumarsáide na scoláirí. Tugadh suntas don fhéinmhúinín a bhí cothaithe acu ina gcuid scoláirí. Thug na múinteoirí seo le fios gur dlúthchuid d'obair an ranga é labhairt na Gaeilge. Níl aon amhras ach go bhfuil a rian le haithint i gcumas na scoláirí céanna ó thaobh tuiscint agus labhairt na teanga de. Tá moladh ar leith tuillte ag na múinteoirí seo. Ba mhaith an smaoineamh é plé foirmeálta a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge le linn ceachtanna Gaeilge agus tagairt a dhéanamh do na cleachtais atá i réim sna ranganna áirithe seo nuair atáthar ag caint ar shlite arbh fhéidir úsáid an Bhéarla a sheachaint.

Baineadh leas forleathan as an obair bheirte agus as an obair ghrúpa chun scoláirí a chur ag caint agus ag comhoibriú lena chéile. Ba mhór an taitneamh a bhain scoláirí as tascanna idirghníomhaíocha ar nós *Déan Abair!* nó *Ceap Véarsa!*, go mór mór as an spiorad iomaíoch a cruthaíodh dá bharr. Ba é an tairbhe ba mhó a bhí ar na tascanna áirithe seo ná go raibh ar scoláirí an Ghaeilge a bhí ag teastáil a thabhairt chun cuimhne chomh maith le leaganacha na n-abairtí a aontú lena chéile. Ba mhór an tairbhe a bhain siad as an gcomhphlé seo. Moltar do mhúinteoirí, de réir mar a dhéanann siad montóireacht ar obair na ngrúpaí aonair nó de réir mar a fhaigheann siad aiseolas uathu, an deis a thapú chun na pointí gramadaí ábhartha a mhíniú. Meabhraítear dóibh gur fearr a thuigeann foghlaiméoirí riail ghramadaí má fheiceann siad í á cur i bhfeidhm. Cuireadh scoláirí ag ceistiú a chéile chomh maith agus is tasc fiúntach é seo. Deacracht amháin a tugadh faoi deara agus an obair seo ar siúl ná go raibh claonadh ag scoláirí áirithe oibriú ar bhonn neamhspleách agus a gcuid freagraí féin a bhreacadh síos ina gcóipleabhair féin. Más ar scileanna labhartha scoláirí a fhorbairt atáthar ag díriú, moltar go gcuirfí cosc iomlán ar úsáid peann agus páipéir, ar a laghad don chéad cúpla nóiméad den tasc.

D' éirigh le gach múinteoir an sceideal de ghníomhaíochtaí a bhí leagtha amach aici a chur i gcrích. Tríd is tríd, bhí éagsúlacht mhaith ag baint leis na gníomhaíochtaí sin, rud a spreag rannpháirtíocht leanúnach na scoláirí. Ina theannta seo, chinntigh gach múinteoir gur tugadh deis do scoláirí cleachtadh a dhéanamh ar na ceithre scil teanga. Is an-chleachtas é seo. Braitheadh i gcásanna áirithe áfach, nár oir luas an cheachta do chumas scoláirí áirithe sa mhéid is go raibh tascanna áirithe ró-shimplí do chuid acu. Is dúshlán don mhúinteoir é an teagasc idirdhealaithe. Tá sé an-thábhachtach go mbeadh sé soiléir ina n-aighe ag na múinteoirí ar fad cad iad na torthaí foghlama inmhianaithe a ghabhann le gach ceacht a chuireann siad i láthair agus go dtuigfidís nach iad na torthaí céanna a bheidh i gceist i gcás gach scoláire. Braitear go gcabhródh sé le múinteoirí agus lena gcuid scoláirí dá saineodh an múinteoir ag an tús cad iad na spriocanna foghlama atá leagtha amach don cheacht. Bheadh breis fiúntais fós ag baint leis dá mbeadh sé de nós acu ar fad cúpla nóiméad a chaitheamh ag deireadh an cheachta ag machnamh ar cé chomh héifeachtach agus a baineadh na spriocanna céanna amach. Is cleachtas é seo a bhaineann leis an *Measúnú chun Foghlama* agus tá tuilleadh eolais air agus ar straitéisí eile ar fáil ag www.ncca.ie.

I measc na n-áiseanna a bhí in úsáid, áirítear bileoga oibre, téacsleabhair, foclóirí, taispeántais *Powerpoint*, foilseacháin Ghaeilge, míreanna éisteachta agus grianghraif. Bhí fiúntas ar leith ag baint leis na grianghraif toisc gur spreag siad samhlaíocht agus tuairimíocht na scoláirí. Moltar go mbainfí oiread leasa agus is féidir as ábhar beo dá leithéid seo toisc gur cóngaraí iad do shaol na scoláirí féin. Is iomaí bróisiúr, póstaer, irisleabhar agus suíomh idirlín a spreagfadh caint agus plé sa rang agus meabhraítear do mhúinteoirí nach gá go mbeadh an t-ábhar i nGaeilge dá fhaid is a spreagann sé rannpháirtíocht na scoláirí. Tá moladh ar leith tuillte ag na múinteoirí úd a chuireann ar scoláirí tagairt rialta a dhéanamh dá bhfoclóirí. Is scil an-thábhachtach é an fhoghlaim neamhspleách agus dá mhéid straitéisí a chuirtear i bhfeidhm ar mhaithe le scoláirí a bheith freagrach as a gcuid foghlama féin, is ea is fearr é.

Ar an iomlán bhí obair fhóna ar siúl sna ranganna Gaeilge ar fad. Is mór ag na múinteoirí é go mbeadh taithí thairbheach thaitneamhach ag scoláirí ar fhoghlaim na Gaeilge agus oibríonn siad go dian le linn an cheachta chun é seo a chinntiú. Tugadh suntas ar leith don bhfuinneamh a thug mórán díobh leo chun na hoibre. Is ina fhianaise seo a mheastar gur mór an tairbhe a bhainfidís agus a gcuid scoláirí as togra buíon-teagaisc ina gcruthófaí deiseanna do bheirt mhúinteoirí grúpaí scoláirí a theagasc i dteannta a chéile. Ní hamháin go dtabharfadh sé ábhar úr fócais do mhúinteoirí agus go gcruthódh sé taithí nua ar fhoghlaim na Gaeilge do scoláirí ach is deis é do mhúinteoirí ar a gcuid scileanna teagaisc a fhorbairt agus a gcuid sainscileanna a roinnt le comhghleacaithe.

MEASÚNÚ

Soiléiríonn plean na Gaeilge na modhanna measúnaithe éagsúla a úsáidtear chun dul chun cinn na scoláirí a thomhas. Aithníonn na múinteoirí an tábhacht a bhaineann le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar obair na scoláirí agus is mó triail, de chineálacha éagsúla, a chuirtear ar scoláirí le linn na scoilbhliana. Fáiltítear roimh iarracht na scoile chun an measúnú leanúnach a leathnú. Meabhraítear do mhúinteoirí na Gaeilge na féidearthachtaí a chruthaíonn an measúnú leanúnach chun scileanna labhartha na scoláirí a mheas trí mharc a bhronnadh ar an iarracht a dhéanann siad ar an nGaeilge a labhairt sa rang. Faoi láthair cuirtear scrúdú cainte ar scoláirí na chéad agus na séú bliana amháin agus thabharfadh an measúnú leanúnach deis do na scoláirí ar fad aitheantas a fháil as an bhforbairt atá tagtha ar a gcuid scileanna labhartha.

Tuigeann múinteoirí an gá a bhíonn le haiseolas fiúntach. Tugadh suntas do chuimsitheacht an aiseolais a chuir múinteoirí áirithe ar fáil dá gcuid scoláirí agus go mór mór don treoir a thug siad dóibh chun go bhféadfaidís caighdeán a gcuid oibre a fheabhsú. B'fhiú do

mhúinteoirí, agus aird na scoláirí á dhíriú ar cheart na Gaeilge ina gcuid oibre scríofa, scoláirí a chur ag lorg leaganacha cearta na n-abairtí a bhfuil botú(i)n iontu.

De réir mar a fhorbraítear scéimeanna oibre comónta na mbliainghrúpaí éagsúla, bheifí ag súil leis go mbeadh nasc soiléir idir na torthaí foghlama inmhianaithe a shainítear iontu agus na gnéithe den teanga a ndéantar measúnú orthu sna scrúduithe comónta. Agus córas mar seo i bhfeidhm b'fhiú machnamh a dhéanamh ar an bhfiúntas a bhainfeadh le múinteoirí a chur ag ceartú ceisteanna scrúduithe ar leith in áit scrúdpháipéar iomlán. Chinnteodh a leithéid go mbeadh seasmhacht ó rang-ghrúpa go rang-ghrúpa maidir le gnóthachtáil marcanna. Ina theannta seo, thabharfadh sé tuiscint mhaith do gach múinteoir ar an raon cumais atá i mbliainghrúpaí ar leith.

Coimeádann múinteoirí aonair taifead ar thinreamh agus ar thorthaí na scoláirí. Bíonn torthaí na scrúduithe tí ar chóras ríomhaireachta na scoile. Coimeádtar na rannpháirtithe ar an eolas maidir le dul chun cinn an scoláire trí chruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí a reáchtáil uair sa bhliain agus trí thuairiscí a sheoladh abhaile i ndiaidh na mórscrúduithe.

ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

Is iad seo a leanas na príomhbhuanna a aithníodh le linn na meastóireachta:

- Tá a seomraí féin ag múinteoirí agus iarracht mhaith déanta acu ar thimpeallacht spreagúil foghlama a chruthú.
- Eagraítear imeachtaí comh- agus tras-churaclaim ar mhaithe leis an nGaeilge a chur chun cinn lasmuigh den seomra ranga.
- Glacann na múinteoirí páirt ghníomhach sa phróiseas pleanála um fhorbairt ábhair.
- Bhí dianullmhúchán déanta ag múinteoirí do na ceachtanna a breathnaíodh.
- Bhí an Ghaeilge i dtreis sna ranganna a breathnaíodh.
- Tugadh suntas don fhéin-mhuinín agus don chumas cumarsáide a bhí cothaithe ag múinteoirí ina gcuid scoláirí.
- Cuireadh scoláirí i mbun tascanna idirghníomhacha.
- Baineadh leas éifeachtach as raon áiseanna agus acmhainní.
- Tá córas measúnaithe i bhfeidhm a choimeádann na rannpháirtithe ar fad ar an eolas maidir le dul chun cinn na scoláirí.

Déantar na mórmoltaí seo a leanas ar mhaithe le cur leis na buanna seo agus le réimsí forbartha a aithint:

- Moltar go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcaoi a scagtar scoláirí i ranganna.
- Moltar go mbainfí leas as straitéisí foghlama, teagaisc agus measúnaithe a chruthódh breis deiseanna ar úsáid Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide do scoláirí agus do mhúinteoirí.
- Moltar go bpléifí féidearthachtaí maidir le togra buíon-teagaisc a chur ar bun i measc na múinteoirí Gaeilge.
- Moltar go n-áireodh na modhanna measúnaithe cumas labhartha gach scoláire.

Eagraíodh cruinniú iarmheastóireachta leis na múinteoirí Gaeilge agus leis an bpríomhoide mar ar cuireadh i láthair agus mar ar pléadh na dréachtchinntí agus na moltaí thuas.